Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9636/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0110 (NLE)**

**AGRI 238**
**AGRIORG 70**
**OIV 7**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil le rúin áirithe a ndéanfar vótáil orthu ag an 23ú Comhthionól Ginearálta den Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV), atá le tionól an 20 Meitheamh 2025 |

**IARSCRÍBHINN**

Na Ballstáit den Aontas atá ina gcomhaltaí den Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV), ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais, tacóidh siad leis na dréachtrúin seo a leanas ag céim 7 le linn Thionól Ginearálta OIV atá beartaithe don 20 Meitheamh 2025, agus beidh an tacaíocht sin faoi réir aon athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar bhonn forbairtí nua:

– OENO-MICRO 22-713A: Comhaireamh ceall giosta trí chítiméadracht sreafa a úsáid in úrfhíonta fíonchaor agus i bhfíonta;

– OENO-MICRO 22-713B: Comhaireamh ceall giosta ag trí chítiméadracht sreafa a úsáid i saothráin giosta;

– OENO-MICRO 23-739: Bailíochtú prótacail chaighdeánaigh chun meastóireacht a dhéanamh ar airíonna coipthe tréithchineálacha *S. cerevisiae*;

– OENO-TECHNO 14-540B: Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha le haghaidh fíon páirt-dhí-alcólaithe, faoi réir na tuisceana gur cheart an roinn maidir le 'Milsiú' agus go háirithe an Sainmhíniú '*Milseoirí a chur le fíon dí-alcólaithe*' a léirmhíniú mar ní atá teoranta do na táirgí a liostaítear in '*Oideasú*';

– OENO-TECHNO 23-730: Teorainn aigéid shorbaigh i bhfíon;

– OENO-TECHNO 23-738: Cóireáil úrfhíonta le haigéad fúmarach le haghaidh rialú micribhitheolaíoch;

– OENO-SPECIF 21-691: Cinneadh na gcóimheas iseatópach (L+) d'aigéad tartarach $^{13}C/^{12}C$ agus $^{18}O/^{16}O$ trí mhais-speictriméadracht cóimheas iseatóip;

– OENO-SPECIF 23-728: Cóimheasa iseatópacha ciotósáin $^{13}C/^{12}C$ agus $^{15}N/^{14}N$ a chinneadh trí mhais-speictriméadracht cóimheas iseatóip.

Na Ballstáit den Aontas atá ina gcomhaltaí den Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV), ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais, faoi réir aon athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar bhonn forbairtí nua, ní thacóidh siad leis an dréachtrún seo a leanas ag céim 7 le linn Thionól Ginearálta OIV atá beartaithe don 20 Meitheamh 2025:

– OENO-TECHNO 14-540A: Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha le haghaidh fíon dí-alcólaithe.